



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a d'ullmhaigh an Roinn Dlí agus Cirt don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta, cuntas ar fháltais agus ar íocaíochtaí, agus nótaí gaolmhara.

Is é mo thuairim gur léiriú ceart iad na ráitis airgeadais ar chúrsaí fáltais agus íocaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla do 2022.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIIInna) mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhorais Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus tá mo fhreagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an ráiteas rialachais, an ráiteas comhlíontachta agus an ráiteas maidir le rialuithe inmheánacha. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus maidir le hábhair áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Pól Southern
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
19 Nollaig 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Roinne Dlí agus Cirt

Tá an Roinn freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhormáid a shonróidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 19 (3) den Acht fán mBhiúro um Shócmhainní Coiriúla 1996
- a chinntiú gur léiriú ceart iad na ráitis airgeadais ar chúrsaí fáiltais agus iocaíochtaí an Bhiúro don bhliain.
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneadh sí a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhiúro um Shócmhainní Coiriúla agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspoir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil i dtaobh cé acu atá na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní scéal cinnte é i gcónaí go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na CIlInna míráiteas ábhartha má bhíonn a leithéid ann. D'fhéadfadh míráiteas eascairt as calaóis nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó san iomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CIlInna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cleachtaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaos nó earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a fheidhmiú a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus cuí mar bhunús le mo thuairim. Is airde an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos ná an riosca a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaóis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach mar a bhaineann sé leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtáí gaolmhara.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram an rialachais orthu, i measc nithe eile, maidir le raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchóireachta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscim mar eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis ná na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlédaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim conclúid dearbhaithe de chineál ar bith in iúl ina leith.

I dtaobh le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIlInna an ráiteas maidir le rialuithe inmheánacha a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh cé acu atá an fhaisnéis iontu ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an dealraitheach ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis seo, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscim má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar tugadh gnó poiblí chun críche.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim má bhíonn aon chás ábhartha ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe nó i gcás nár cloíodh in idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

AN BIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA

Ráiteas Airgeadais 2022

Ár Misean

Leanúint dár gcuspóirí reachtúla trí fháltais ó iompar coiriúil a aithint, na fáltais sin a bhaint díobh sin a ghnóthódh orthu agus imscrúduithe a dhéanamh chun na críche sin.

**RÁITEAS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022**

CLÁR ÁBHAIR

| | |
|---|----|
| Ráiteas Rialachais..... | 04 |
| Nochtaí..... | 05 |
| Ráiteas Comhlíontachta..... | 06 |
| Ráiteas um Rialú Inmheánach..... | 08 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste..... | 11 |
| Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta..... | 12 |
| Cuntas ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí..... | 13 |
| Nótaí leis an gCuntas..... | 14 |

RÁITEAS RIALACHAIS

Rialachas

Is comhlacht reachtúil é an Biúro um Shócmhainní Coiriúla a bunaíodh faoin Acht fán mBiúro um Shócmhainní Coiriúla 1996. Is iad seo a leanas cuspóirí an Bhiúro mar atá leagtha amach in Alt 4 d'Acht 1996:

- Sócmhainní daoine a shainaithint a dhíorthaíonn, nó a bhfuil amhras ann go ndíorthaíonn siad, go díreach nó go hindíreach ó iompar coiriúil;
- Beart iomchuí a dhéanamh faoin dlí, na sócmhainní sin a bhaint de na daoine sin nó tairbhe na sócmhainní sin a bhaint díobh nó a shéanadh orthu;
- Leanúint d'aon imscrúduithe riachtanacha nó d'aon obair ullmhúcháin eile i ndáil le himeachtaí ábhartha.

Is comhlacht ilghníomhaireachta é an Biúro a dtagann a chuid oifigeach agus a bhaill foirne ón nGarda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear Custaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Níl aon Bhord ag an mBiúro. Tá freagracht fhoriomlán bhainistíochta ar Phríomhoifigeach an Bhiúro as riaradh agus gnó an Bhiúro agus sa cháiil sin tá sé freagrach freisin as rialachas corparáideach éifeachtach a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí reachtúla an Bhiúro go hiomlán.

Tá Príomhoifigeach an Bhiúro freagrach do Choimisinéir an Gharda Síochána as feidhmeanna an Bhiúro a chomhlíonadh. Tá Príomhoifigeach an Bhiúro freagrach d'Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt maidir le hábhair a thagann chun cinn don Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta don Bhiúro.

NOCHTAÍ

Nochtaí a éilítear faoin gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá Príomhoifigeach an Bhiúro freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Biúro um Shócmhainní Coiriúla ceanglais an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

| Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe os cionn €60,000 | | | |
|--|---------------|----------------------------|-------------|
| Raon na Sochar Iomlán d'Fhostaithe | | Líon na bhFostaithe | |
| Ó | Go dtí | 2022 | 2021 |
| €60,000 | €69,999 | 4 | 6 |
| €70,000 | €79,999 | 6 | 12 |
| €80,000 | €89,999 | 13 | 3 |
| €90,000 | €99,999 | 9 | 10 |
| €100,000 | €109,999 | 16 | 17 |
| €110,000 | €119,999 | 11 | 11 |
| €120,000 | €129,999 | 6 | 4 |
| €130,000 | €139,999 | 3 | 2 |
| €140,000 | €149,999 | 1 | 0 |
| €150,000 | €159,999 | 0 | 0 |
| €160,000 | €169,999 | 0 | 0 |
| €170,000 | €179,999 | 0 | 0 |
| €180,000 | €189,999 | 1 | 1 |
| Iomlán os cionn €60,000 | | 70 | 66 |

| | 2022 | 2021 |
|---|----------------|----------------|
| Costais Sainchomhairleachta | | |
| • Aistriúchán | 30,085 | 8,542 |
| • TFC | 369,000 | 369,000 |
| • Luachálacha | 24,529 | 27,389 |
| • Oiliúint | 31,840 | 40,443 |
| • Iniúchadh | - | 16,800 |
| Iomlán na gCostas Sainchomhairleachta | 455,454 | 462,174 |
| Costais Dí | | |
| • Táillí & Costais Dí | 60,740 | 9,381 |
| Fáilteachas | | |
| • Fáilteachas / Sólaistí / Lónadóireacht | 25,434 | 2,284 |
| Costais Taistil & Chothaithe | | |
| • Taisteal & Cothú sa Bhaile (seach. POB) | 74,679 | 102,882 |
| • Taisteal & Cothú Thar Lear | 2,793 | 517 |
| • Príomhoifigeach an Bhiúro | 167 | 1,769 |
| Iomlán na gCostas Taistil & Chothaithe | 77,639 | 105,168 |

| An Bille Pá Comhiomlán | Tuarastal € | | Ragobair € | | Liúntais € | |
|--|-------------|-----------|------------|-----------|------------|-----------|
| | 2022 | 2021 | 2022 | 2021 | 2022 | 2021 |
| Iomlán na bhFostaithe (Seach. POB) | 5,075,750 | 5,406,831 | 1,521,789 | 1,449,521 | 1,233,448 | 1,331,921 |
| Príomhoifigeach an Bhiúró | 115,300 | 104,647 | N/A | N/A | 15,162 | 13,946 |
| Iomlán na bhFostaithe | 5,191,050 | 5,511,478 | 1,521,789 | 1,449,521 | 1,248,610 | 1,345,867 |

Deimhním nár cuireadh aon Nochtaí Cosanta in iúl don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla le linn 2022.

Deimhním gur foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2022 a éilítear faoi Alt 21(1) den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 ar shuíomh gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt.

RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Glacadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Deimhním gur ghlac an Biúró um Shócmhainní Coiriúla le forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus go bhfuil sé ag cloí leis na heisceachtaí seo a leanas.

- Tá difríocht idir an struchtúr Rialachais faoinar bunaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus struchtúr roinnt Comhlachtaí Stáit eile sa mhéid is nach bhfuil Struchtúr Boird ann. I gcomhthéacs an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, thug Príomhoifigeach an Bhiúró, in éineacht leis an bhFoireann Ard bhainistíochta, faoi ról Boird, chomh maith le comhlíonadh na bhfeidhmeanna feidhmiúcháin. Ós rud é go raibh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla mar chuid den Vóta Ceartais, is é an tArd-Rúnaí sa Roinn Dlí agus Cirt feidhm a chomhlíon feidhm an oifigigh chuntasaíochta.
- Thagair Alt 7.2 agus 7.7 den Chód do Chomhlacht Stáit go mbeadh Aonad Iniúcháireachta Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca acu a bhunófaí go cuí. Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá ionadaí ag an gCoiste ó gach Gníomhaireacht atá ceangailte leis an mBiúró agus tá comhalta neamhspleách aige freisin ón Roinn Dlí agus Cirt (Ceann an Aonaid Bainistíochta Airgeadais), Ceann Bainistíochta Riosca ar chéim Cheannfoirt ón nGarda Síochána agus duine seachtrach neamhspleách a bhfuil taithí aige/aici ar chúrsaí ábhartha BSC, ar an gCoiste. Is é Aonad Iniúcháireachta Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt a chomhlíon feidhm an iniúchta inmheánaigh don Bhiúró agus thacaigh sé leis an mBiúró chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe an Bhiúró maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus córas rialuithe inmheánacha. Ina theannta sin, bhí an Biúró um Shócmhainní Coiriúla faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Níor aithníodh sna hiniúchtaí sin aon saincheisteannta suntasacha.
- Éilíonn Alt 8.8 den Chód ar Chomhlacht Stáit Comhaontú Seachadta Feidhmíochta a chomhaontú lena mháthair-Roinn ábhartha. Cé go bhfuil an Biúró um Shócmhainní Coiriúla neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoi fhorálacha an Achta fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996/2005, tá comhaontú seachadta feidhmíochta aige leis an Roinn Dlí agus Cirt. Ina theannta sin, tá Comhaontú Formhaoirseachta 2020 – 2022 i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla leis an Roinn Dlí agus Cirt ina leagadh amach creat leathan an rialachais chorparáidigh ina bhfeidhmíonn an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus ina sainíodh na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcaidreamh idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt.

Leanfaidh an Biúró ar aghaidh ag comhlíonadh an Chóid agus cuirfidh sé san áireamh aon mholtaí a shainaithnítear maidir le comhlíonadh. Téim ar iontaobh an ráitis chomhlíontachta ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró chuig an Aire gur comhlíonadh an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

Dáta: _____

RÁITEAS AR RIALUITHE INMHEÁNACHA

Raon feidhme na freagrachta

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chothabháil agus a oibriú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht sin riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Téim ar iontaoibh ráiteas dearbhaithe ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúro go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánach, gur ullmháidh plean gnó bliantúil agus gur cuireadh tuarascáil bhliantúil agus ráiteas comhlíontachta faoi bhráid an Aire.

Deimhním go n-aontaíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta (FAB) plean gnó gach bliain agus go gcuirtear é mar eolas faoi bhráid an Rúnaí Cúnta sa Roinn Dlí agus Cirt.

Deimhním gur tháinig Comhaontú Formhaoirseachta 2020 – 2022 in áit Comhaontú Dearbhaithe Rialachas Corparáideach idir an Biúro agus an Roinn Dlí agus Cirt a chlúdaigh na blianta 2018 go 2019 agus gur síníodh Comhaontú Seachadta Feidhmíochta (CSA) ar leithligh ach gaolmhar don bhliain 2022 idir an Biúro agus an Roinn Dlí agus Cirt ag an dá pháirtí an 4 Aibreán 2022.

Deimhním gur cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Comhlíontachta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánach chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas chun deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánach, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhiúro um Shócmhainní Coiriúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tuairiscíonn an Biúro um Shócmhainní Coiriúla ar gach ábhar iniúchta don Aonad Iniúcháireachta Inmheánach sa Roinn Dlí agus Cirt agus tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhiúro (CIR) i bhfeidhm aige. Tháinig CIR an Bhiúro le chéile cúig huairte le linn na bliana 2022.

I rith 2022, rinne Aonad Iniúcháireachta Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus eile sa Bhiúro um Shócmhainní Coiriúla, de réir a chlár bhliantúil iniúchtaí.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a fhonn riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas do gach Bainisteoir laistigh den Bhiúro ar cuireadh in iúl dóibh gur gá an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí agus faoi laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as riosca agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Biúro um Shócmhainní Coiriúla Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm a shainaithe agus a thuairiscigh príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a rinneadh agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a mhéid ab fhéidir.

Tá Clár Riosca i bhfeidhm sa Bhiúro um Shócmhainní Coiriúla ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Bhiúro agus déantar iad sin a shainaithe, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí

a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Sonraítear sa Chlár Riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí agus freagracht as rialuithe oibríochtúla a shanntar do bhaill foirne ar leith a mhaolú.

Mar thoradh ar thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe a lean ar aghaidh i rith 2022 nuair a coinníodh cianobair agus obair fhíorúil agus uainchláir agaithe ar siúl. Mar thoradh air sin, thug an Biúró um Shócmhainní Coiriúla roinnt athruithe gnáis agus rialaithe isteach. Faoi chreat riosca agus rialaithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, rinne an bhainistíocht measúnú riosca iomlán arís in 2022 ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go bhfuil na rialuithe, idir iad sin a bhí ann cheana féin agus na cinn a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19, éifeachtach i gcónaí.

Maidir leis an mBiúró, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- déantar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú;
- sanntar freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- tá córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm, le buiséad bliantúil a choimeádann an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú;
- tá córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide;
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Bhiúró a chosaint;
- is iad na hOifigí Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn Seirbhísí Comhroinnte Párolla don Bhiúró.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an Ráiteas Airgeadais seo, cuireadh nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar phróisis agus cuireadh easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, nuair ab ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go raibh na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla:

- sainithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a sainithníodh a thuairisciú;
- rinne Aonad Iniúchóireachta Immheánach na Roinne Dlí agus Cirt iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais agus eile;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais;
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad / réamhaisnéise.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chomhlíon an Biúró um Shócmhainní Coiriúla na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2022 cé is moite de chonradh amháin dar luach €152,969. Measadh go raibh an conradh seo neamhchomhlíontach toisc gur bhain sé le húsáid leanúnach soláthraí seirbhíse tar éis dháta éaga an chonartha. Cuireadh conradh nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Nollaig 2022.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is bunaithe ar obair an CIR inmheánaigh, Aonad Iniúchóireachta Immheánach na Roinne Dlí agus Cirt agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhí monatóireacht agus athbhreithniú an Bhiúró ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Thacaigh an CIR, laistigh den Bhiúró um Shócmhainní

Coiriúla, le Foireann Ardbhainistíochta an Bhiúró, faoi stiúir Phríomhoifigeach an Bhiúró, lena gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh chun an creat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

I rith 2022, rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt iniúchadh ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun dearbhú a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta ar Vóta 24 (Ceartas). Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in 2022. Níor tuairiscíodh aon saincheisteanna ábhartha. Rinneadh an tAthbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha sa Bhiúró i mí Iúil 2023.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2022 a éilíonn nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

Dáta: _____

**OIFIG AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
DEIMHNIÚ INIÚCHÓIREACHTA**

RÁITEAS AR BHEARTAIS AGUS AR PHRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA AN BHIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA

1. Cúlra

Bunaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla in 1996 faoi Alt 3 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996. Is iad na príomhfheidhmeanna atá aige gach gníomh is gá a dhéanamh faoi reachtanna éagsúla chun an dlí a chur i bhfeidhm maidir le fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta agus sócmhainní gníomhaíochtaí den sórt sin chomh maith le héilimh i leith íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh ag daoine atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí coiriúla nó a bhfuil amhras fúthu go raibh siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí coiriúla a imscrúdú agus a chinneadh.

2. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear an cuntas ar bhonn airgid leis an gcuntas a mheitseálann íocaíochtaí a rinneadh i leith chostais an Bhiúró leis na suimeanna a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil chun na híocaíochtaí sin a íoc san fhoirm atá faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe.

3. Fáltais arna gcalcadh ag na Cúirteanna

Déantar fáltais na coireachta a chalcadh ar iarratas ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ní féidir iad a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an Státchiste (mura bhfuil toiliú ann faoi Alt 4A den Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasaithe) 2005) go dtí go ndéanfaidh an Ard-Chúirt ordú chuige sin nuair a bheidh 7 mbliana caite tar éis ordú calctha idirbhreitheach. Coinnítear aon fháltais airgid idir an dá linn i gcuntas bainc príobháideach atá faoi smacht an ghlacadóra ceaptha Cúirte.

4. Tuarastail agus Aoisliúntas

Tá oifigigh ón nGarda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt ar fhoireann an Bhiúró. Tá a dteidlíochtaí aoisliúntais faoi rialú ag na rialacháin a bhaineann leis na hoifigigh sin.

5. Faisnéis ar Bhonn Fabhráithe

Trí mheabhrán, forálann Nóta 8 faisnéis áirithe ar bhonn fabhráithe ar chostas na seirbhíse agus ar na sócmhainní seasta a úsáidtear. Meastar glanluach de réir na leabhar sócmhainní seasta an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ag baint úsáid as modh dímhéasa de réir méid cothrom agus na rátaí seo a leanas:

Ríomhairí agus Trealamh - 20 %

Troscán agus Feistis - 10 %

Mótarfheithiclí - 20 %

Ní dhéantar sócmhainní faoi bhun €10,000 a chaipitliú agus déantar iad a thairgeadh le luach nialasach ar Chlár Sócmhainní Seasta an Bhiúró. Tá an Biúró á threorú ag Ciorclán 21/2020 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe.

6. Socruithe Riaracháin

Feidhmíonn an Biúró réamhchuntas, arna mhaoiniú ag an Roinn Dlí agus Cirt chun míreanna áirithe neamhphá a íoc. Faoin gcóras seo, cuirtear éileamh míosúil ar aghaidh chuig an Roinn chun caiteachas a aisíoc. Chun an socrú seo a éascú, coinníonn an Biúró cuntas bainc. Baineann na míreanna neamhphá seo go príomha le híocaíochtaí le hOifigigh an Bhiúró as Taisteal agus Cothú agus le mionchaiteachais neamhphá eile. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt luach saothair Oifigigh an Bhiúró agus na foirne, chomh maith le caiteachas caipitiúil áirithe. Íoctar gach caiteachas eile, lena n-áirítear caiteachais chaipitiúla (seachas iad siúd dá dtagraítear san abairt roimhe seo), tríd an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

**CUNTAS AR FHÁLTAIS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ SA BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 NOLLAIG 2022
DEN BHIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA**

| | Nótaí | 2022 € | 2021 € |
|--|-------|-------------------------|--------------------------|
| <u>Admhálacha</u> | | | |
| Airgead a soláthraíodh ag deontas an Oireachtais | 1 | <u>9,830,163</u> | <u>10,111,045</u> |
| | | | |
| <u>Íocaíochtaí</u> | | | |
| Costais Foirne | 2 | 8,039,088 | 8,412,034 |
| Costais Bhunaíochta | 3 | 920,754 | 817,599 |
| Costais Dlí agus Sianchomhairleoireachta | 4 | 516,194 | 471,555 |
| Teagmhasach agus Ilghnéitheach | 5 | <u>354,127</u> | <u>409,857</u> |
| | | <u>9,830,163</u> | <u>10,111,045</u> |

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 9 mar chuid den Chuntas seo.

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

Dáta: _____

**NÓTAÍ LE CUNTAS
AN BHIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA**

1. Airgead a soláthraíodh ag deontas an Oireachtais

Fuarthas an t-airgead a cuireadh ar fáil don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla sa bhliain mar seo a leanas:

| | 2022 | 2021 |
|-----------------|------------------|-------------------|
| | | € |
| Vóta 24 Ceartas | <u>9,830,163</u> | <u>10,111,045</u> |

2. Tuarastail agus Aoisliúntas

Costais Foirne

| | 2022 | 2021 |
|--------------------------|-------------------------|-------------------------|
| | € | € |
| Tuarastail agus Liúntais | 7,961,449 | 8,306,866 |
| Taisteal agus Cothú | <u>77,639</u> | <u>105,168</u> |
| | <u>8,039,088</u> | <u>8,412,034</u> |

Líon Foirne

| | | |
|-------------|-----------|-----------|
| Líon Foirne | <u>76</u> | <u>89</u> |
|-------------|-----------|-----------|

3. Costais Bhunaíochta

| | 2022 | 2021 |
|---|-----------------------|-----------------------|
| | € | € |
| Breiseanna Sócmhainní Seasta | 156,182 | 241,866 |
| Earraí caipitil eile a ceannaíodh (faoi €10k) | 21,294 | - |
| Cothabháil Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 446,859 | 293,886 |
| Costais Mótarfheithiclí | 180,926 | 113,532 |
| Costais Chumarsáide | <u>115,493</u> | <u>168,315</u> |
| | <u>920,754</u> | <u>817,599</u> |

4. Costais Dlí agus Sainchomhairleoireachta

| | 2022 | 2021 |
|----------------------------|-----------------------|-----------------------|
| | € | € |
| Costais Oiliúna | 31,840 | 40,443 |
| Costais Dlí agus Finnéithe | 60,740 | 9,381 |
| Sainchomhairleoireacht | 369,000 | 369,000 |
| Táillí Iniúchóireachta | - | 16,800 |
| Aistriúchán | 30,085 | 8,542 |
| Luacháil | <u>24,529</u> | <u>27,389</u> |
| | <u>516,194</u> | <u>471,555</u> |

**NÓTAÍ LE CUNTAS (AR LEAN.)
AN BHIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA**

5. Teagmhasach agus Ilghnéitheach

| | 2022 | 2021 |
|--|-----------------------|-----------------------|
| | € | € |
| Táillí Ad hoc maidir le: Cóiríocht | 20,167 | - |
| Aerthaisteal | 10,758 | 316 |
| Costais Oifige & Costais Theagmhasacha | 104,829 | 184,080 |
| Slándáil | 65,404 | 67,990 |
| Stóráil Feithiclí | 152,969 | 157,471 |
| | <u>354,127</u> | <u>409,857</u> |

6. Áitreabh

Bíonn an Biúró i mbun seirbhíse in áitreabh a chuireann údarais an Gharda Síochána ar fáil. Ní léirítear aon chostas sa chuntas seo maidir leis an áitreabh seo.

7. Iarmhéideanna Baine

Coinníonn an Biúró um Shócmhainní Coiriúla cuntas bainc Imprest agus cúlchnap mionairgid le haghaidh costais oibriúcháin ó lá go lá agus cuntas bainc admhálacha ginearálta le haghaidh lóisteálacha. Seo a leanas na hiarmhéideanna ar na cuntais sin amhail an 31 Nollaig 2022: Imprest €37 (2021: €28,403), Mionairgead tirim €305 (2021: €0) agus Fáltais Ghinearálta €193 (2021: €41,723) faoi seach. Is leis an Roinn Dlí agus Cirt na hiarmhéideanna eile.

8. Faisnéis ar Bhonn Fabhráithe

a) Costas Seirbhíse

| | 2022 | 2021 |
|----------------------------------|--------------------------|--------------------------|
| | € | € |
| Íocaíochtaí sa bhliain | 9,830,163 | 10,111,045 |
| Fabhrúithe Oscailte | (92,807) | (87,220) |
| Fabhrúithe & Soláthairtí Deiridh | 545,450 | 92,807 |
| Réamhíocaíochtaí Tosaigh | 195,312 | 195,473 |
| Réamhíocaíochtaí Deiridh | <u>(228,087)</u> | <u>(195,312)</u> |
| | 10,250,031 | 10,116,793 |
| Breiseanna le Sócmhainní Seasta | (156,182) | (241,866) |
| Dímheas sa bhliain | <u>337,433</u> | <u>321,127</u> |
| Costas na Seirbhíse | <u>10,431,282</u> | <u>10,196,054</u> |

**NÓTAÍ LE CUNTAS (AR LEAN.)
AN BHIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA**

| b) Sócmhainní Seasta | Troscán & Feistis | Ríomhairí & Trealamh | Mótarfheithic lí | Iomlán |
|---|----------------------------------|-------------------------------------|-----------------------------|------------------|
| Costas | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 174,408 | 2,798,653 | 1,497,982 | 4,471,043 |
| Breiseanna | - | - | 156,182 | 156,182 |
| Diúscairtí | (154,575) | (625,308) | (349,701) | (1,129,584) |
| Iarmhéid Deiridh | <u>19,833</u> | <u>2,173,345</u> | <u>1,304,463</u> | <u>3,497,641</u> |
| Dímheas | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 170,343 | 2,445,668 | 1,059,974 | 3,675,985 |
| Muirear don bhliain | 1,834 | 162,030 | 173,569 | 337,433 |
| Diúscairtí ¹ | (154,575) | (625,308) | (349,701) | (1,129,584) |
| Iarmhéid Deiridh | <u>17,602</u> | <u>1,982,390</u> | <u>883,842</u> | <u>2,883,834</u> |
| Glanluach de réir na Leabhar | | | | |
| Ar 31 Nollaig 2022 | <u>2,231</u> | <u>190,955</u> | <u>420,621</u> | <u>613,807</u> |
| Ar 1 Eanáir 2022 | <u>4,065</u> | <u>352,985</u> | <u>438,008</u> | <u>795,058</u> |

9. Admhálacha Ilghnéitheacha

Ní raibh aon fháltais ann a bhain le haisíocaíochtaí leis an mBiúró in 2022 a d'éiligh tuairisciú mar leithreasá i gcabhair i gCuntas Leithreasa na Roinne Dlí agus Cirt 2022 (2021: €25,119).

10. Fáltais arna gcalcadh ag na Cúirteanna

In 2022, aistríodh fáltais a bhí caltha roimhe sin ag na cúirteanna chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe de mhéid €2,065,265 (2021: €1,143,834).

Ina theannta sin, tá réimse leathan foilseán ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla faoi láthair a urghabhtar de bhun barántais chuardaigh a eisíodh faoi alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996. Tá sé de chumhacht ag an mBiúró freisin foilseáin a urghabháil mar chuid dá imscrúduithe a chreideann sé atá ina fhianaise ar chion inghabhála faoi alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil 206. Coinnítear na foilseáin sin go dtí go gcríochnófar an t-imscrúdú agus na himeachtaí cúirte. Níl luach na sócmhainní sin san áireamh sna ráitis airgeadais.

¹ Cuireadh athbhreithniú ar an gClár Sócmhainní Seasta i gcrích agus baineadh / diúscaitíodh roinnt sócmhainní tar éis an aistrithe chuig áitreabh nua in 2022.



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Criminal Assets Bureau

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Criminal Assets Bureau prepared by the Department of Justice for the year ending 31 December 2022 under section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993. The financial statements comprise a statement of accounting policies and principles, an account of receipts and payments, and related notes.

In my opinion, the financial statements properly present the receipts and payments of the Criminal Assets Bureau for 2022.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Criminal Assets Bureau and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

